Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11578/25**

**ENER 366**
**CLIMA 271**
**CONSOM 138**
**TRANS 303**
**AGRI 349**
**IND 273**
**ENV 697**
**COMPET 735**
**FORETS 51**
**DELACT 101**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 8.7.2025<br>lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4674 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 4674 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 8.7.2025
C(2025) 4674 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.7.2025**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, ('an Treoir'), ceanglaítear ar an gCoimisiún modheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin. Ba cheart a chur san áireamh sa mhodheolaíocht chuntasaíochta le haghaidh breoslaí ísealcharbóin astaíochtaí saolré iomláine agus astaíochtaí indíreacha a eascraíonn as atreorú ionchur docht ó bhreoslaí ísealcharbóin a tháirgeadh chomh maith le hastaíochtaí meatáin thosach an tslabhra agus rátaí gabhála carbóin iarbhír. Chun an chomhsheasmhacht is gá a áirithiú, cuireann an mhodheolaíocht cineálacha cur chuige i bhfeidhm atá comhchosúil leis an modheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Ós rud é gur de chineál teicniúil é an gníomh tarmligthe seo, ní raibh gá le measúnú tionchair ná comhairliúchán poiblí oscailte. De ghnáth, ní bhíonn gá leo sin ach amháin i gcás mórthionscnamh.

Baintear leas sa ghníomh tarmligthe as torthaí roinnt cleachtaí comhairliúcháin a rinne an Coimisiún, lena n-áirítear cruinnithe an ghrúpa saineolaithe an 7 Samhain 2024 agus an 19 Bealtaine 2025 agus dhá ceardlann do pháirtithe leasmhara.

Foilsíodh an dréachtghníomh ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr chun aiseolas a fháil ón bpobal ón 27 Meán Fómhair 2024 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2024.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an gníomh tarmligthe seo de bhun Airteagal 9(5) den Treoir seo. Leis sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.7.2025**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE[1], agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart a chur san áireamh i modheolaíocht chuntasaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí ísealcharbóin astaíochtaí saolré iomláine agus astaíochtaí indíreacha a eascraíonn as atreorú ionchur docht ó bhreoslaí ísealcharbóin a tháirgeadh chomh maith le hastaíochtaí meatáin thosach an tslabhra agus rátaí gabhála carbóin iarbhír. Chun comhsheasmhacht na modheolaíochta a leagtar amach sa Rialachán seo leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a áirithiú, ba cheart cuir chuige chomhchosúla a chur i bhfeidhm mar atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185[2] ón gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

(2) Tá feidhm ag an modheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 chun na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chinneadh chomh maith le breoslaí carbóin athchúrsáilte, ar fochatagóir breoslaí ísealcharbóin iad. Is iomchuí, dá bhrí sin, breoslaí carbóin athchúrsáilte a eisiamh ó raon feidhme na modheolaíochta a leagtar amach sa Rialachán seo.

1 Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj).

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a bhunú agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte (IO L 157, 20.6.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1185/oj).

(3) Tá an creat deimhniúcháin le haghaidh breoslaí ísealcharbóin a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/1788 ailínithe go hiomlán leis an gcreat deimhniúcháin a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] le haghaidh breoslaí in-athnuaite. Dá réir sin, ba cheart na hamhábhair a úsáidtear chun breoslaí ísealcharbóin a tháirgeadh chomh maith leis na breoslaí ísealcharbóin iad féin a rianú trí bhíthin bhunachar sonraí an Aontais ar an mbealach céanna le hamhábhair a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite a tháirgeadh agus na breoslaí in-athnuaite iad féin. Dá bhrí sin, maidir leis an luach le haghaidh astaíochtaí meatáin thosach an tslabhra, is iomchuí idirdhealú a dhéanamh idir baisceanna aonair breoslaí agus amhábhar bunaithe ar phróifíl feidhmíochta meatáin an tsoláthróra a sholáthraíonn an breosla a úsáidtear chun an breosla ísealcharbóin a tháirgeadh.

(4) Níor cinneadh poitéinseal téimh dhomhanda na hidrigine go fóill leis an leibhéal beachtais is gá a chur san áireamh sa mhodheolaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart luachanna ábhartha maidir le poitéinseal téimh dhomhanda na hidrigine a chur isteach a luaithe a bheidh an fhianaise eolaíoch aibithe go leordhóthanach agus curtha i bhfeidhm chun tionchar sceite hidrigine thar an slabhra soláthair ina iomláine a thomhas sna modheolaíochtaí cuntasaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí ísealcharbóin agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch araon.

(5) Ba cheart go n-aithneofaí leis an modheolaíocht gabháil agus stóráil astaíochtaí mar laghdú ar astaíochtaí i gcás ina stóráiltear iad sin go buan i láithreán stórála geolaíoch, lena n-áirítear i gcás ina stóráiltear astaíochtaí a bhíonn ann i dtríú tíortha lasmuigh den Aontas, fad a áirithítear leis an dlí náisiúnta is infheidhme go mbraitear agus go bhfeabhsaítear sceití i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme san Aontas, agus go gcuirtear sceití san áireamh ionas nach gcuirtear chun sochair iad mar laghduithe. I gcás láithreáin stórála gheolaíocha a sceitheann arís agus arís eile, níor cheart glacadh leo lena n-instealladh. Faoi láthair, ní sheachnaítear tabhairt suas lamháltas ach amháin i gcás na n-astaíochtaí faoi CTA an Aontais a stóráiltear i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE. Tá deiseanna ann oibriú i gcomhar ar fud teorainneacha maidir le gabháil agus stóráil carbóin. Bheadh aitheantas féideartha amach anseo do stóráil astaíochtaí CTA an Aontais i láithreáin stórála i dtríú tíortha gan CTA nasctha ag brath ar choinníollacha coibhéiseacha a bheith ann chun stóráil gheolaíoch CO2 a gabhadh agus atá i gcónaí slán agus sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú, ar choinníoll nach n-úsáidfear an stóráil chun gnóthú hidreacarbóin a mhéadú agus go mbeidh laghdú foriomlán ar astaíochtaí mar thoradh air sin.

(6) Chun comhsheasmhacht na modheolaíochta sin leis an modheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a áirithiú, is iomchuí rialacha a leagan amach lena n-áiritheofar gurb ionann i gcónaí déine astaíochtaí hidrigine ísealcharbóin agus déine astaíochtaí hidrigine in-athnuaite a tháirgtear i leictrealóir le linn na tréimhse céanna, agus go bhfuil na sciartha fuinnimh a thuairiscítear comhsheasmhach.

[3] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

(7) Chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme, ní mór aistriú go tapa ó úsáid breoslaí iontaise chun leictreachas a ghiniúint. Rannchuideoidh hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin araon leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Ba cheart na modheolaíochtaí is infheidhme maidir le gach ceann acu, cé go bhfuil siad bunaithe ar bhunúis dlí éagsúla, a bheith comhleanúnach agus ba cheart dóibh sainiúlachtaí teicneolaíochta agus éifeachtúlacht eacnamaíoch araon a chur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún, a luaithe is féidir, tús a chur le measúnú ar an bhféidearthacht cineálacha cur chuige malartacha a thabhairt isteach chun leictreachas ísealcharbóin ó ghléasraí cumhachta núicléiche a aithint, bunaithe ar chritéir leordhóthanacha. Faoin 30 Meitheamh 2026, ba cheart don Choimisiún comhairliúchán poiblí a sheoladh maidir le dréacht-mhodheolaíocht ina leagtar amach na critéir sin. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar agus ar na himpleachtaí a bhaineann le meastóireacht a dhéanamh ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais trí mheánluachanna a úsáid. Ní mór a chur san áireamh sna measúnuithe sin tionchar foriomlán na gcineálacha cur chuige sin ar an gcóras fuinnimh (lena n-áirítear an tionchar ar a éifeachtúlacht eacnamaíoch agus ar thabhairt chun críche idirnasc), an acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí, agus a thábhachtaí atá sé cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun le leictreachas atá go hiomlán in-athnuaite mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 chomh maith leis an ngá atá le tionscadail atá ann cheana a choimirciú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Sonraítear sa Rialachán seo an mhodheolaíocht chun na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin seachas breoslaí carbóin athchúrsáilte eile a ríomh.

*Airteagal 2*

Cinnfear na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin, seachas breoslaí carbóin athchúrsáilte, i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

*Faireachán agus athbhreithniú*

Faoin 1 Iúil 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar a bheidh ag tabhairt isteach conairí malartacha, go háirithe leictreachas ísealcharbóin ó ghléasraí cumhachta núicléiche a mheas bunaithe ar chritéir iomchuí agus cuir chuige déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais a mheas bunaithe ar mheáin. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin an tionchar a bhíonn ag úsáid na gconairí sin ar an gcóras fuinnimh agus ar laghduithe ar astaíochtaí agus an gá atá le cothrom iomaíochta a choinneáil maidir le leictreachas atá go hiomlán in-athnuaite a fhoinsiú. Mar aon leis sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thabhairt isteach cur chuige tírshonrach nó réigiúnsonrach maidir le luachanna caighdeánacha le haghaidh dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-ionchur mar a dtugtar tuairisc orthu i gcuid B den Iarscríbhinn. Agus measúnú á dhéanamh ar athruithe ar na critéir, déanfaidh an Coimisiún na tionscadail atá ann cheana a chosaint.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*